Mistéir an tSaoil Úd Eile

Meitheamh 26 1992
Na Náisiúin Aontaithe, Nua Eabhrach

Fáilte romhaibh do na Náisiúin Aontaithe. Agus tosnaigí le paidir a theaspáineann go bhfuilimíd buíoch ar gach atá againn, atá tugtha dúinn, agus dóibh san gan na tairbhí céanna, bígí ag guí go bhfaighfidh siad iad; smaoinigí ar dídeanaithe an domhain, íobartaigh cogaidh, saighdiúirí, taoisigh páirliminte, agus ná dearmadh ceannairí na Náisiúin Aontaithe go mbeidh siad ábalta a gcuspóiri a chomhlíonadh, agus maireachtain i siocháin lena chéile.

Creidimid go dtabharfar gach atá éilithe againn óir tá sé scríofa sa Bhíobla.

Go raibh maith agaibh! Is fada an lá ó bhí Mé anseo. An bhfuil aon duine anseo inniu a bhí ag Mo léacht? Cathain? Ó sea? Alán? Táim buíoch. Tá a fhios agaibh téama an léacht inniu -"An Saol Úd Eile", agus ní maith liom labhairt libh ar an saol domhanda a thuilleadh. Tá sibh eolach ar sin. Nach bhfuil? Sa domhain seo, tá na Náisiúin Aontaithe, Mericeá, Nua Eabhrach (an t-úll), ach lasmuigh don saol seo, tá rudaí eile, agus sílim go bhfuil suim agaibh ionta san. Ní fhéadfá comparáid eatortha, agus na nithe fantaiseach dochreidte mar

miorúiltí a thrácthaigh Stiofán faoi. Is rud eile é atá eolaíoch, loighiciúil, agus an-tábhachtach.

Cé go bhfuil difríochtaí le fáil i scéalta sna scrioptúir agus i mbíoblaí, tá scéal na seacht n-áras i bhflaithis Dé i ngach ceann, agus tagairt ar níos mó ná leibhéal amháin choimhfheasa. Ar aon leibhéil tá Ríocht Dé, nádúr Buddha ar cheann eile srl. Tá rudaí áirithe geallta sna scrioptúir agus gan teacht ortha ach ag corrdhuine. Ní duine ar bith a dúirt Mé ach is fíor mhionlach iad. Curtha i gcomparáid le daonra an domhain is beag fear nó bean go bhfuil cead radharc aca ar Ríocht Dé, nó ar an rud a glaoimíd - "cad atá sa tsaoil úd eile". Agus má bhíonn tú i Mericeá is dócha go léann tú leabhair ina bhfuil cur síos ar nithe nach bhfuil sa domhain seo, agus sna scannáin déanta i Hollywood ní finscéalaíocht atá i gcuid aca. Mar an gcéanna le scannáin ón tSeapáin. Is é an cúis ná gur léigh siad leabhair scríofa acasan le taithí ar an saol úd eile, nó gur tugadh spleachadh éigin do déantóirí scannáin ar Ríocht Dé.

Mar sin le Ríocht Dé ... cad atá le feiscint ann? Cad na thaobh go bhfuil sinn buartha ag Ríocht Dé mar tá go leor le déanamh againn sa tsaoil seo le post, teach compórdach agus grá againn ó chlann 's cáirde srl. Sin díreach é le rudaí mar iad in ár seilbh, ba chóir imní bheith orainn faoi Ríocht Dé. Tá sé ró diaganta adeir tú, an téarma Ríocht Dé, ach sé atá ann ná leibhéal ard chomhfheasa. Bhí sé ráite ag na daoine fadó gur neamh atá i gceist ach i dtéarmai eolaíochta, is leibhéal gaoise níos airde é, agus is féidir linn teacht ar sin, má tá a fhios againn.

Ar na mallaibh i Meiriceá tháinig gléas nua ar an saol, sórt maisín é agus cuireann sé duine i samadhi. Taithí agaibh? Nach bhfuil? Níl? Ar an mhargadh i Mericeá, ceithre go seacht gcéad dollair air ag brat ar an leibhéil a theastaíonn ó dhuine. Gléas é do dhuine leisciúil nach maith leis a mhacnamh féin a dhéanamh, ach is fearr leis an *samadhi*. Anois, míneoidh mé é i gcúpla focail.

Deirtear gur féidir an maisín seo thú a chuir ar do sháimhín só le hintinn shocair, agus tú i ndán ard leibhéal *I*Q a shroisint. Le breis eolais 's an gaois nua agat beidh tú maith go leor ansin srl. Úsáideann an gléas ceol, agus mar sin caithfear cluasáin bheith ort, agus le soilsí gealánach 's sruth leictreach ag snámh tríot gheobhaidh tú an gríosadh ceart. Tá gá le dallóg freisin, agus le cluasáin tá siad riachtanach i gcóir *samadhi*. Is maith é ar ceithre chéad dollair, an- saor. Ach an *samadhi* seo againne ní chosnaíonn sé faic, agus fanann sé leat go deo. Go deo, agus gan bac le bataire, leictreachais, plocóid, ná deisiú gléas fiú amháin.

Anois, más fíor go ndéantar fear feasa duit agus suaimhneas aigne agat leis an mbréig solais 's an ceoil, agus sin a léigheas i bpáipéir, níor bhain Mé triail as. Ach chuala Mé go raibh ráchairt mhór agus caitheamh airgid air. Agus sinne curtha ar ár sháimhín só agus breis *I*.Q. faighte, an bhféadfá a shamhlú an biseach aigne a thiocfadh ón bhfíor rud féin a thástáil? Tá an rud féin lasmuigh den saol seo, ach tá sé ar fáil dúinn más mian linn é. Istigh i ngach aon duine tá glór agus ceol ó neamh, agus dá dhéine an ceol sin 's an solas inmheánach, tig

linn 'nar aigne féin gabháil amach as an saol seo agus doimhneacht tuiscinte a aimsiú.

Measaim gur cosúil é le dlí fisic. Tá roicéad ag dul suas i spás ... amach ón domhain, caithfidh an-chomhacht agus brú bheith taobh thiar de, agus í ag taistil chomh tapaidh san go bhfuil solas a spré amach as. Mar an gceanna sinne ar thuras tapaidh don saol úd eile ... conas a deir tú? Ó, tá an iomarca Sínis á labhairt agam. Gathaimíd, sea, agus cloisimíd an fuaim freisin. Is comhacht tonnchrith atá sa bhfuaim a arduíonn sinn go leibhéal eile, ach é déanta go ciúin gan morán trioblóid nó míshuaimhneas don té atá cleachta. Sin é an slí chun taistil don saol úd eile.

Agus cad tá amach ón saol seo atá níos fearr? Gach aon iontas is féidir agus nach féidir linn a shamhlú. Tagann taithí le fios, mar ní féidir le duine é a insint dúinn, ná é a dhéanamh ar ár son. Agus a éisteoirí, gach duine daoibh ag obair san U.N. níl ar chumas aon fhear eile do phost a líonadh ach tú féin (sin a cheapann tú ar aon nós). Ní féidir le duine do bhéile a ithe duit - tú féin a itheann é, agus a fhios agat ansin ar thaitin nó nár thaitin sé leat. Mar sin a bhfaigheann tú an taithí, agus idir an dá linn caithfidh tú leanúint ar aghaidh go macánta. Éist le fear le taithí aige ar Dhia, agus bhféidir go bhfaighfidh tú tairbhe éigin ar feadh lá nó dhó. Airíonn tú beagáinín solais 's fuaim timpeall ort go nádúra gan iarracht ar do pháirt, ach ní fhanann sé i bhfad. Caithfidh tú an taithí a bhailiú duit féin.

Taobh amuigh don saol seo tá alán eile. Mar shampla, an ceann thuas sna spéartha ar a nglaotar an domhain réaltach air

san iarthair. Tá breis is céad leibhéil sa domhain chéanna, agus saol faoi leith ar siúl i ngach chinn. Léiríonn sé an leibhéal tuisceana againne, agus sa tslí chéanna nuair a théann tú go hollscoil, léiríonn sé an méadú ó grád go grád ionat féin agus ar módh múinte suas go ham bronnadh céime. Sa domhain réaltach feicfimíd alán miorúiltí, agus tá sé cinnte go gcuirfear cathú orainn ag miorúiltí freisin chun ár chinn féin a thabhairt chun críche. Is féidir linn daoine tinn a leigheas, taimíd i ndán, conas a deir tú ... rudaí a fheiscint uaireanta agus gan an cumas seo ag an gnáth phobail. Ar a laighead tá seilbh againn ar sé chineáil de chomhact mhiorúilteach. Tig linn breathnú thar críocha an tsaoil úd eile, agus rudaí a chlos thar teorainn spáis, agus is cuma cóngarach nó fada uainn iad. Sin brí an téarma - cluasa neamhaí agus súile neamhaí. Tá radharc againn isteach in aigne duine, agus feicimíid go soiléir cé tá beartaithe aige srl. Seo é an chomhacht ar fáil dúinn ar uairibh tréis slí isteach ar chéid leibhéil de Ríocht Dé.

Agus istigh ar an gcéad ionaid seo, dúirt Mé go raibh alán leibhéil éagsúla, agus an méid sin buanna ag dul leo gur deachar iad a shonrú. Nuair a bheidh an áit bainte amach againn, beimíd... tréis ár tionscnamh, i ndán machnamh a dhéanamh agus más é an céad ionad ar leibhéal, tá breis acmhainn faighte againn. Freisin beimíd eolach ar rudaí nach eol do chách, rudaí a thagann chugainn cosúil le bronntanais ó neamh, agus baint aca len ár slí bheatha, cúrsaí airgeadais agus uaireanta nithe eile. Ansin tiocfaidh buanna litríochta orainn nach raibh againn cheana agus muid cumasach filíocht a chúmadh 's pictiúirí a tharraingt nuair nach raibh againn riamh an cumas sin ná fiú amháin é a shamhlú. Sin dearcadh

ar an gcéid leibhéil. B'fhéidir gur saghas scríbhneoir neamh-profaisiúnta a bhí ionat tráth, ach is ealaíontóir cruthanta anois thú le stíl deas éadrom le feiceáil id' fhilíocht agus sna leabhair a scríobhfaidh tú. Buntáistí sofheicthe iad seo ag dul leis an chéad leibhéal de thuiscint mhorálta. Ní thagannn na tallanna seo go cinnte ó Dhia, ach ón neamh atá istigh ionainn, agus úsáid againn asta tréis sinn a lorg i ndáiríre. Sin cúpla focail ar an leibhéil tosaigh. Océ? B'fhearr libh a thuilleadh? Sea! Chuala tú cheana é? Sea, cé a inis duit é? Ó sea, agus ansin an ndúirt sé aon rud eile? Océ.

Anois, mar shampla, ar leibhéil níos airde is féidir linn níos mó a fheiscint 's a dhéanamh. Ar ndóigh, ní fhéadhainn gach rud a insint, ó níl an t-am Agam. Ní gá trácht ar mhilseacht cistí 's milseáin chun cathú a chur ar fhear iad a ithe. Dá bhrí sin, sórt tástáil a chuirim ós bhúr gcomhar, agus is maith é más mian libh é. Beidh "bia" níos tábhachtaí le fáil ar ball. Ceart go leor!

Bíonn an dara leibhéal sroiste i ndiaidh turas gearr, agus is ann a bheidh breis comhacht, méadú ábaltacht agus deis againn níos mó miorúiltí a oibriú. Ach an chomhacht, ba mhó atá ar fáil ann... ná líofacht teanga, agus cumas díospóireachta. An té ar an ionaid seo, ní fhéadfadh é a chloí ag fear ó leibhéil íochtar toisg an líofacht agus comhacht intleachtúil atá aige.

Tá *I.Q.* simplí ag an gcuid is mó den phobail, agus ní féidir leo dul in iomaíocht le duine agus sár *I.Q.* aige. Ní hamháin go bhfuil forbairt mhór inchinne tagtha ach 'sé oscailt amach an chomhacht mhistiúil, comhacht ó neamh - an gaois atá suite

istigh ionainne. San Ind glaotar "*Buddhi*" ar an leibhéil intleachtúil seo, agus nuair a shroiseann tú an staid bronntar an teidil Buddha ort. Is as "*Buddhi*" féin an teidil chéanna. Ní deireadh scéil é an t-eolas sin faoi an mBuddha, tá a thuilleadh le teacht. Tugtar Buddha ar dhuine ard tuisceanach. Muna théann sé thar an dara leibhéil bheadh sé bródúil as féin mar Bhudda saolta, agus bród freisin ar a dheisceabail. Gan mothú ón ionaid 'na bhfuil sé is féidir leis breathnú ar dhuine, go háirithe ar saoil an duine sin faoi láthair, an saol a chait sé go dtí seo, agus atá roimhe amach; tá líofacht teanga agus comhachtaí eile aige. Cruthaíonn se nach bhfuil deireadh fós le Ríocht Dé.

Ní chóir bheith mórtasach as an mbua a thugann deis dúinn breathnú ar shaoil atá caithe agus todhchaí an gnáth shaoránaigh toisg cur síos ar san cúntas *akashic*, mar a déarfá san iarthair. Sibhse a chleachtann dheóga nó machnamh éigin, tuigeann sibh brí an cúntas *akashic*, sórt leabharlann cosúil leis an ceann anseo sa U.N. Tá leabhair ann i ngach teanga - Araibis, Rúisis, Sínis, Béarla, Fraincís, Gearmáinis agus alán lán eile. Fear atá líofa i dteanga iasachta, tig leis leabhair mar iad a léamh, agus beidh sé eolach go maith ar chúrsaí na tíortha éagsúla dá bharr. Tuigeann tú? Mar an gcéanna leis an té ag a bhfuil an dara leibhéal aimsithe, tuigfidh sé an cumas aige beatha aon duine a iniúchadh go soiléir amhail a bheatha féin.

Tá morán le fáil ón dara leibhéil chomhfheasa. Rud iontach é an ionad a aimsiú ar dtús agus tú id' Bhuddha beo cheana féin le hinchinn oscailte "*Buddhi*" bainte amach, agus alán rudaí ar

eolas agat cuid aca gan ainm agat ortha. Tharlódh gach saghas miorúilt dúinn, agus is cuma iad a lorg nó gan lorg, ó tá an inchinn ar oscailt agus nasc faighte ar fhoinse leighis níos airde a thugann deis dúinn ár saol féin a fheabhsú agus cruth nua a chur leis. Le hoscailt an "*Buddhi*" freisin tá faisnéis riachtanach dár saol atá thart ar fáil dúinn, agus aon olc déanta againn sa tréimhse sin is féidir athchóiriú saoil a dhéanamh chun é a cheartú. Tuigeann tú? Mar sin le himeacht an peaca tiocfaidh biseach ar ár saoil.

Muna raibh a fhios agat, mar shampla, gur gortaíodh do chomharsa le gníomh neamhbheartaithe uait féin, tá a fhios anois. Éasca nach ea? Gan an eolas sin 'nár seilbh, b'fhéidir go bhfuil an chomharsa go ciúin ag iarraidh díoltas le droch bheart a imirt orainn mar gheall ar míthuiscint nó olc a rinneamar air. Mar adúirt mé, tá sé éasca nuair atá a fhios agat. Is féidir leat glaodh ar do chomharsain, mínigh dó cad a thárla, agus gabh do leithscéal leis; más féidir cuireadh a thabhairt dó do chóisir id' thig féin, déan mar sin é. Ar an leibhéil intleachtúil tagann an tuiscint chugainn go minic i ngan fhios dúinn - ciallaim go dtagann sé go ciúin, agus go ciúin a dhéanaimíd iarracht ar morán rudaí 'nár saoil féin a chóiriú, nó glaoch ar fhoinse comhacht a chabródh linn an athchóiriú chéanna a eagrú i dteannta le athrú módh maireachtála. Mar sin déanaimíd beagní de thimpistí, ócáidí neamhfháiltiúla, agus coinníollacha mí- bhuntáisteacha 'nár saoil féin. Tá sé agat? Sea! Sea! Ar an ábhar san, b'iontach an rud é agus sinne ar an dara leibhéil.

Dá bhrí sin, fé mar a mhínigh Mé is rud eolaíoch, logiciúil é agus ní chóir duit féachaint ar dheógach nó machnóir mar dhuine mhistiúil amhail le *ET* - an bhfaca tú an scannáin? ón bplainéid seo againne, agus cosúil linne iad ach amháin borradh 's biseach tagtha ortha toisg an eolas a bheith aca. I Meiriceá glaotar *know-how* (téarma Béarla) air, agus má tá se sin agat, d'fhéadfa gach uile rud a fhoghlaim. Ceart? Gach aon rud! Sórt eolaíocht é ón saol úd eile, agus tig linn é a fhoghlaim freisin. Tá cuma ait air, ceapann sibh, ach féachann sé simplí dá airde a théann tú. Níos simplí fós ná nuair a bhí sibh i gcoláiste nó san ard-scoil ag plé le ceisteanna matamaitice agus na fadhbanna casta ag dul leo.

Taobh amuigh don dara leibhéil tá morán leibhéil éagsúla ar bun, agus ar an dtaobh istigh tá flúirse fo-leibhéil le haimsiú. Ach níl an t-am Agam gach rún diaga a mhíniú daoibh. Sea! Beidh sibh eolach go maith ar an dturas le máistir agus taithí aige air na rudai chéanna. Ní haon rún é, ach tógann sé ró-fhada stop ag gach ionaid 's fo-leibhéil agus iad a scrúdú. Ní gá an méid sin a fhoghlaim muna bheadh suim agat sa mháistreacht, do thabharfadh sé tinneas chinn duit. Uaireanta scuabann máistir ó ionaid go hionaid thú le luas eitleáin go han tapa (Rinne an Máistir fuaim eitleáin!). Téigh ar an dturas agus fill abhaile, agus ansin tógfaidh sé achar fada, go minic iomlán do shaoil fiú amháin. Gheibheann tú an léargas ar an bpointe, ach ni hin ach tosach an scéil. Cosúil le do chéad lá san ollscoil, ba scoláire thú ón uair a chláraíodh thú. Ach níl aon bhaint ansin mar shampla le PH.D. mar go dtógfadh sé ceithre, sé, nó níos mó bliana stadéir sula bhronnfadh an céim sin ort. Agus tú id' scoláire ollscoile ón

nóiméid a tháinig tú ann, caithfidh tú a admháil go raibh an stádas san ag teastáil i ndáiríre uait. Ceart? Ceist comhoibriú sea é.

Mar an gcéanna, má theastaíonn uainn dul go plainéid eile toisg gan aon craic le fáil againn i Nua Eabhrach. Táimíd braon de Manhattan, an Trá Fhada, "gearr", nó aon trá, agus an méid airgid caithe ar gach cuairt go Miami, Florida chun snámh san fharraige. Cad 'na thaobh nach chóir dúinn eitilt go plainéid éigin mar shampla, áit chónaithe *ET*, agus féachaint cén saghas daoine atá ann, agus cad atá ar siúl aca? Nil aon rud mí-cheart le sin! Ní hea? In ár gcás féin, ní taistil fhisiciúil atá i gceist ach taistil mheanman agus spioradálta.

Tá sórt taistil ann, agus is loigiciúil agus éasca iad a thuiscint. Anois, agus sinne ar an dara leibhéil. Océ, an dara leibhéil. Cén eolas eile atá uaibh? Mar sin a leanaimíd ar aghaidh sa tsaoil seo, ach táimíd eolach ar an saol úd eile chomh maith. Tuigeann tú? Taistealaimíd. Is cuma an saoránach Mheiriceánach nó ó náisiúin eile thú, tá sé cosúil leatsa ar chuairt i dtír i ngar duit chun aithne a chur ar an dtír agus na daoine a chónaíonn ann. Agus sílim nach Meiriceánaigh alán daoibhse sna Náisiúin Aontaithe. Nach ea? Sea. Mar sin tá fianaise againn ar an rud chéanna. Is féidir linn taisteal don saol úd eile i dtreo 's go mbeadh an tuiscint againn. Agus é i bhfad uainn, ní féidir siúl ann, dul i roicéid nó i GEN fiú amháin.

Níl teacht ag GEN ar an saol úd eile. GEN, gléas eithilt neamhaithinte! Sea! Océ! Gléas eithilt, sea. Tá áis istigh

ionainn agus é i bhfad níos tapúla ná GEN, agus sin é ár n-anam. Tugtar spiorad air uaireanta. Tugann ár n-anam deis eitilte dúinn gan smaoineamh ar breosla, póilíní, trácht nó bac ar bith. Nuair a thiocfaidh an lá agus baghcat ag Arabaigh ar ola a dhíol don iarthair, ní chuirfidh sé isteach orainn. Ní déantar aon damáiste dár n-anam ach tríd ár bpeacai féin agus briseadh na n-eascairí chomhchoitianta. Is féidir é sin a sheachaint, agus teaspáinfidh Mé i gcúpla focail daoibh más mian libh é. Océ? Cé nach seanmóirí Mé, ná bíodh buairt oraibh. Ní thógaim sibh go dtí an séipéil ach mar dea-shampla.

Tá dlithe áirithe sa domhain seo agus tá sé riachtanach a fhios a chur ortha; má tá gluaisteán agat caithfidh tú bheith eolach faoi rialacha an bhóthair - stop roimh solais dheirg, agus imigh le solais uaine. Tiomáin ar an dtaobh ceart den bhótair, agus ag an luas ceadaithe. Tá na dlithe domhanda go réasúnta simplí. Tuigheann tú? Taobh amuigh don domhain seo, san saol úd eile níl dlí ná riail ann. Is saoránaigh saor sinn, ach caithfimid an saol úd eile a aimsiú ionas 's go mbeimíd saor go fírinne. Agus dá fhaid a bhéas chónaí orainn sa tsaoil seo, ní foláir dúinn fanacht ar thaobh an dlí, nó buailfidh trioblóid linn. Agus gan fadhb nó bac mar gluaisteán atá damáiste chun sinne a choimeád siar, tig linn eitilt níos airde le luas mhór.

Tá na dlithe seo leanas scríofa i ngach Bíobla agus is cuma cén leagan atá agat idir Críostaí, Buddhach, nó Hindú. Tá siad breactha síos go simplí mar - ná déan dochar ar do chomharsain, "ná déan marú" agus ná déan, tá a fhios agat.... leasmuigh do gaolmhaireacht cheanúil, agus ná déan goid srl.

Agus ní ceadaítear deoch mheisciúil agus drugaí san áireamh freisin. Is dócha go raibh a fhios ag Buddha go mbeadh cócaon tagtha ar an mhargaidh san 20ú aois, agus chuir sé cosg ar drugaí. Tá an cearrbhachas luaite i measg na drugaí, agus cosg ar aon rud a stiúrann an aigne... mar adéarfá, i dtreo pléisiúir choirp in ionad an cúrsa spioradálta. Agus má theastaíonn uainn an saol úd eile a shroisint go tapa 's gan contúirt is miste dúinn glacadh le dlithe seo cosúil le na dlithe nádúrtha. Nuair atá roicéad á láinseál, ní foláir don eolaí féachaint go bhfuil na rialacha á leanúint, agus na coinníollacha uilig i gceart sula théann sé suas. Sin an méid! Océ? Caithfimid bheith cúramach agus muid ag eitilt níos airde ná roicéid, agus níos mire ná GEN. Ach, na sonraí eile, is féidir Liom iadsan a mhíniú chugaibh (má tá spéis agaibh ionta), ag am bhúr tionscnamh. Tá an iomad ráite Agam, agus sibhse tuirseach de á rá -"Tá a fhios agam cheana féin, agus é léite sa Bhíobla! Deich n-eascairí, - ceart? Na deich n-aitheanta".

Go dearfa, tá na heascairí léite ag formhór agus gan morán ímni fútha, nó b'fhéidir nach bhfuilid sothuigthe. Ar slí eile, is dócha go bhfuil ár dtuiscint féin ortha, agus gan an fíor ceart againn. Dá bhrí sin, níor mhiste dúinn smaoineamh air agus an míniú ceart tógtha as. Mar shampla, sa Bhíobla, sa Sean Tiomna, tá ráiteas Dé ar leathanach a haon:- **Tá na hainmhithe go léir curtha ar domhain Agam chun cabhrú leat, agus beidh tusa i gceannas ortha.** Ansin déanann Sé trácht ar iomlán bia a chuir Sé ann do na hainmhithe chéanna. Níor thug Sé cead dúinn iad(ainmhithe) a ithe. Níor thug! Agus deireann Sé:- **Tá an bia go léir déanta Agam idir lusra sa ghoirt, torthai ar chrainn nach breá breathnú ortha, agus**

milis a mblas. Seo é do bhia. Is beag daoine a thugann aird air sin, agus alán eile a léann an Bíobla go rialta bíonn feoil á n-ithe aca. Tá a fhios agat, ní thuigeann siad focail Dé ar an ábhar.

Aon uair a déantar taighde eolaíoch air, deirtear nach bhfuil an corp againne oiriúnach le feoil a ithe. Tá ár córas díleáite idir stéig, bolg, fiacla, gach rud feiliúnach do réim feoilséantach de réir na heolaíochta. Ní hionadh, an méid daoine tinn, aosta roimh am, tuirse agus righin ortha a bhí tráth beoga éirimiúil. Agus éiríonn siad níos measa ó ló go ló, agus níos measa fos dá aosta a mhotaíonn siad. Is cosúil le carr, gléas eitilte, nó GEN an corp atá againn, agus caithfear bheith cúramach leis i dteannta le aire ceart a thabhairt dó. Féach ar gluaisteán mar shampla, agus is dócha ceann ag gach duine anseo. Anois má chuirtear an peitril neamhcheart istigh ann, cad a dhéanfaidh sé? Rithfidh sé cúpla slat agus stopfaidh sé. Ní féidir milleán a chur ar an gcarr, mar tusa a rinne an dearmad le breosla mí cheart a chur isteach. An scéal chéanna ag dul le huisge sa pheitril nó salachar san ola - rithfidh sé tamaillín, ansin stadfaidh sé agus trioblóid agat. Agus uaireanta pléascann sé, téann sé trí thine agus 'sé an chúis nár thugamar aire ceart dó.

Mar adúirt mé tá ár chorp an-chosúil le gluaisteán, agus tig linn é a úsáid chun taisteal don saol úd eile, agus an leibhéal níos airde gaois eolaíochta ós ár gcomhar. Amhail le charr, is féidir dochar a dhéanamh dó gan úsáid mar is cuí a bhaint as. Sampla eile ón charr - tógann sé sibh go dtí an oifig gach lá, agus chun cuairt ar cháirde nó dul amach faon dtuaith ag

breathnú ar radharcra álainn. Ach ní thugaimíd aon aire dó fé mar atá ráite i dtaobh an peitril, ola salach, easpa uisge san umar srl. Ansin briseann sé síos agus níl rith as. Fágtar sa chúlclós é, agus sinne 'nár suí ar an mbáinsigh. B'fhéidir go bhfuil sin maith go leor, an bhfuil? Ní bheidh trioblóid ó na póilíní gan an carr ar an mbóthair. Ach cad faoi an dul amú airgid, am, agus fuinneamh? Cad chuige gur cheannaigh tú é? Cé aige an locht? Níor bhain tú úsáid ceart as, agus ní fhuair tú pioc sásamh ná taithneamh as, ach amháin an airgead a chaill tú air.

Ar an gcuma chéanna,tá an corp a tugadh dúinn oiriúnach go leor don saol seo, agus ar an dtaobh istigh de ta tréithe a thugann an cumas dúinn eitilt go dtí an saol úd eile. Cosúil le spásaire, agus 'sé an roicéad a thréith nó ionstraim. Caithfidh sé bheith cúramach na dlithe nádúrtha a choimeád agus é ag eitilt go slán 's go mear. Tá tábhacht leis an spásaire agus tábhachtach freisin go sroisfidh sé a cheannscríbe, agus 'sé an roicéad a thógann ann é. Níl aon fheidhm eile le déanamh le roicéid agus ní fheicfidh tú ag eitilt thar an t-Oileán Fhada é. B'shin caitheamh aimsire, tuigeann tú, agus mí-úsáid airgid cháin-íocóirí.

Mar sin is luachmhar an corp againne agus an máistir istigh ann. Tá sé ráite sa Bhíobla:- **Nach eol duit gur teampall Dé thú dá fhaid a mhaireann Dia Uilechomhachtach ionat**. An spiorad naofa féin. Cuimhnigh air - an spiorad naofa, Dia Uilechomhachtach istigh ionainn, cé chomh tábhachtach scanrúil an abairt chéanna! Ach ní thuigeann alán daoine i gceart é ná mórgacht an ráitis,agus gan suim aca a fháil

amach. Is crua an saol seo agus alán fadhbanna ag gabháil leis; ach tá spéis ag Mo dheisceabail san teagaisc agus nithe spioradálta á chur amach Agamsa i dtaobh an saol úd eile. Tá flúirse áilleacht, oscailteacht, agus eolas istigh ionainn, agus is linn iad ach níl an bealach chuca faighte go fóil. Gan eochair is deachar teacht ar an stór seo istigh, agus ar aon nós tá sé beagnach dearmadta againn. Sin é go hiomlán. Is linn an stór ó bhunús, agus 'sé an Máistir féin a osclóidh an doras chuige agus a theaspáinfidh dúinn é. Tóg go bog é, óir ní fhéadfá rith isteach agus gach atá ann a liostú ar an bpointe.

Go dtí seo bhíomar ar an dara leibhéil. An bhfuil suim agaibh dul níos faide? ("Sea!" "Sea!" ón gcruinniú). Tá eolas ar gach rud uaibh gan obair chuige? (gáireann an Máistir). Ceart go leor. Ar a laighead d'fhéadfadh fear a bhí ar aistir go dtí an ionaid seo insint duit cad atá le fáil ann. Ceart? Is dócha go bhfuil suim agat, agus teastíonn uait dul. Océ. Anois tréis an dara leibhéil, agus nílim críocnaithe leis fós, ach ní fhéadfaimís suí anseo an lá go léir. Beidh breis comhacht agat ar an dóú hionaid, agus má tá cinneadh déanta agus tú réidh chun obair d'fhéadfá an triú a bhaint amach.

Is céim níos airde é an triú ionaid, agus an té a théann ann ní foláir dó bheith glan d'aon fhiacha sa domhain seo, ar a laighead. Tuigeann tú? Níl cead dul ann do fhear i bhfiacha do dhuine ar bith mar chomharsa, fostóir, srl. Is iomdha coirpeach nach féidir leis teorainn a thíre féin a threasnú toisg teist na bpóilíní air. 'Sé a thuightear le fiacha ná gach rud déanta agat idir olc 's maith id' shaoil féin sa tréimhse thart agus a dhéanfaidh tú sa todhchaí. Caithfear do fhiacha a

ghlanadh sula bheith tú inglachta amhail 's tú ag dul trí stáisiúin custaim. Nuair atáimíd ar an dara ionaid, tosnaimíd ar *karma* a thiomsú atá fághta ó saoil cheana againn nó bailithe sa tsaoil seo. Gan *karma* ní fhéadfaimís fanúint ar domhain.

Tá dhá sórt máistir ann:- cheann amháin gan *karma* agus b'éigean dó é a fháil ar iasacht chun teacht ar domhain; an fear eile cosúil linn féin, duine saolta, ach le *karma* glanta. Fé mar a fheictear, tig leatsa bheith id' mháistir, uair éigin sa todhchaí! Uaireanta tagann máistir anuas ó leibhéil ard le *karma* iasachta. Cad é do thuairim, *karma* ar iasacht? (Máistir ag gáirí). Is féidir é! Is féidir é, mar shampla, roimh teacht duit ar an saoil seo, bhí tú anseo cheana! Sin fíor! Deirtear i dtéarma simplí - fuair tú agus thug tú! Agus ceangal agat le pobail éagsúla domhanda ar feadh tréimhsí fhada, na céadta blianta, b'fhéidir. Agus ansin d'fhill tú ar neamh atá i bhfad uainn, idir an dara 's an cúigiú leibhéil. Thairis sin tá leibhéil breise. Océ?

Anois nuair is mian linn filleadh ar an saoil seo mar gheall ar trua 's taise orainn faoi duine/daoine éigin nó obair le déanamh ar son an Athar, tagaimíd. Agus leis an bá atá againn le daoine saolta, is éasca *karma* d'fháil ar iasacht. Ach ní rudaí maithe sa *karma* sin, ach fiacha, agus b'éigean dúinn iad a aisíoc le cabhair ár gcomhacht spioradálta i rith an am caithe ar an saoil. Seo máistir eile ar fad, nach ea? Agus tá i fir 's mná sa domhain agus tréis cleachtadh ar feadh scaiteamh, fuaireadar ardú céim agus déanadh máistrí dóibh amhail is iad ar ollscoil. Sea. Ag trácht ar ollscoil, tá ollúna ann agus scoláiri

ar a bhronnadh céim le déanaí agus ardú go stádas ollaimh díreach 'na dhiaidh. Tuigeann tú? Ollúna atá san ollscoil le fada in éineacht le ollúna nua srl. Mar an gcéanna idir máistrí.

Mar sin más mian leat an triú leibhéal a shroisint, caithfidh tú bheith iomlán glan gan rian *karma* ort. 'Sé *karma* an riail:- "Fé mar a chuirfeas tú, a bhainfidh tú". Sea? Chuirtear síol sa talaimh as a bhfásann crainn oráiste 's úll, agus ar an bpróiseas seo glaotar *karma*. Sa Sanscrait a gheofá an cúis 's an cúiteamh. Níl trácht ar *karma* sa Bhíobla ach deir sé: **Fé mar a chuirfeas tú, a bhainfidh tú.** An rud chéanna.

Tá an Bíobla beagáinín gearr ar theagasc an mháistir(Íosa Críost); saol gearr a bhi Aige freisin. Dá bhrí sin tá rudaí in easnamh sa Bhíobla, agus i gcuid aca tá cinsireacht ar siúl ag ceannairí (mar dhea!) gluaiseachtaí, agus gan morán spioradáltacht ag gabháil leo. I ngach gairm bheata tá daoine ag ceannach 's ag díol, cosúil le bróicéirí, ach a mhalairt ar fad scéil an Bhíobla. Agus ba chóir go mbeadh, agus cur síos soiléir iomlán scríofa ann atá éasca a thuiscint. Ar aon chuma, is deachar rudaí sa Bhíobla a chruthú agus dá bharr san ní bhíonn morán le rá againn faoi ar eagla go nglaofar Diamhaslóir orainn. Mar sin nilimíd i ndán chuile rud a rá gan cruthúnas.

Cuirfidh tú ceist Orm:- "Tá tuarascáil tugtha Agat ar na domhain eile, an dara , triú, 's an ceathrú. Ach an bhféadfá cruthú go bhfuil siad ann?" Bhuel, is féidir liom! Tá fianaise Agam! Má shiúlann tú ar an gcosáin chéanna Liom, cífidh tú an fhianaise. Tuigeann tú? Muna thagann tú, ní fhéadfainn é a

chruthú duit. Sin cinnte. Dá bhrí sin,tá misneach Agam labhairt fútha toisg cruthúnas a bheith Agam. Tá an cruthúnas chéanna le feiceáil sna céadta mílte deisceabail Agam ar fúd an domhain. 'Sé deireadh an scéil, má tá eolas agat faoi rud tig leat labhairt faoi. Chun an t-eolas a bhailiú, caithfidh tú siúl Liom, agus ní féidir leat a rá:- "Níl gá dul Leat, inis dom agus teaspáin dom é." Ní féidir Liom.

Tóg sampla eile. Abair, nach raibh Mé riamh sa tseomra seo na Náisiúin Aontaithe. Is cuma dé mhéid insint, cúntas i ndiaidh cúntas, ní bheadh eolas cruinn Agam faon tseomra toisg nár fhaca Mé é. Cruthaíonn sé go gcaithfidh tú siúl le treoraí taithíoch. Sa tseomra seo freisin, tá Mo dheisceabail, morán ó thíortha thar lear, agus taithí aca beag nó mór ar alán a d'inis Mé daoibh. Sea, sea. Cé go bhfuil alán inste daoibh, níl ann ach cuid de. Sin cosúil le labhair taistil a thugann sórt sracfhéachaint duit ar thír, ach níl na sonraí go léir ann. Is iomdha leabhar mar sin léite agaibh, agus má tá breis eolais uaibh caithfidh tú cuairt a thabhairt ar an dtír chéanna chun é a fháil.

Tá saghas eolas agaibh ar an Spáinn, Teneríf agus an Gréig, a bhfuair sibh ó scannáin nó i leabhair. Tá sé do dhualgas ort dul ann agus taithneamh a bhaint as buanna mar aimsir álainn, bia blasta, muintir cáirdiúil srl., agus an t-atmaisféar i n-áitheacha mar iad, ní bhfaighfá in aon leabhair é.

Cad a thagann i ndiaidh an triú ionaid? Ar ndóigh, tá bealach don ceathrú romhat. Tiocfaidh iontas neamhgnách ort agus do chéad fhéachaint ar an gceathrú ionaid. Agus ní ceadaítear

duit tuarascáil a thabhairt d'aon tuath air i bhfocla simplí ar eagla go gcuirfidh sé stuaic ar thiarna na hionaide. Mar tá an domhain seo, cuid den saoil úd eile go hálainn, ach in áiteacha tá sé an-dorcha, níos dorcha ná an oíche i Nua Eabhrach nuair a theip ar an leictreachais. Ar thárla sin riamh duit, cathair go léir i ndorchadas? Sea, tá sé níos dorcha ná sin, agus níos dorcha fós roimh teacht an tsolais, amhail mar cathair na haithne. Go minic cuirtear stop orainn ag an ndorchadas sula bhfaighimíd eolas Dé. Ach i gcuideachta máistir a thaithigh an dorchadas cheana is féidir linn gabháil tríd gan cosc.

I saoil machnamhach nuair a bhíonn leibhéil éagsúla curtha daoibh, tárluíonn athrú ionainn ó thaobh spioradáalta in éineacht le athrú fisiciúil agus intleachtúil. Bíonn gach rud athraithe, agus amharc nua faighte againn ar ár saoil féin, agus ar rudaí mar an obair a dhéanaimíd, agus an cúis atá leis. Tagann aistriú tuisceana orainn freisin mar is eol dúinn anois an cuspóir ós ár gcomhar agus nílimíd a thuilleadh míshuaimhneasach ná corraithe. Sea! Ní foláir dúinn ansin fanúint go foighneach go dtiocfaidh críoch le nár saoil domhanda óir tá a fhios againn an ceannscríbe atá romhainn amach. Tá an t-eolas sin againn agus muid beo, agus sin é an brí atá le:- "ag fáil bháis agus tú beo".Sea! Ar chuala sibh é seo cheana? Ní heol Dom aon máistir go bhfuil a mhalairt le rá aige (gáireann Sí), ach amháin go gcaithfidh tú taithí a bhailiú duit féin ar an fíor aoibhneas a thagann ort ó nithe inmheánach spioradálta. Is deachar é a chur i bhfoclaibh. Tá sé mar Mercedes Benz, prionsa gluaisteáin! Ceart? Ní fhéadfá a mhalairt a rá faoi, agus go háraithe le fear agus Mercedes

Benz sa gharáiste aige. Bhuel, d'fhéadfá ach ni chreidfeadh thú!

Cé go labhraim ar na nithe seo i dtéarmaí simplí níl aon rud simplí ag gabháil leo, agus caithfimíd ár fhios féin a chur ortha le hobair agus dáiríreacht. Ba ceart treoir a úsáid ionas nach mbeimíd i mbaol. Uair amháin, b'fhéidir as sé milliúin, téann fear aonarach gan treoraí go dtí an saol úd eile, ach is ró contúirteach an turas é, agus ar aon chor níl sé cinnte go dtiocfaidh an toradh ceart as. Deirtear gur chuaigh Swedenborg 'na aonar féin, agus tá an rud chéanna ráite i dtaobh Gurdjieff. Gach uair a insim scéal na beirte san, leagaim béim speisialta ar na contúirtí, agus an trioblóid a bhí aca. Níl gá le gach duine an leibhéal is airde a bhaint amach.

Tréis an ceathrú leibhéal, tig leat cuairt a thabhairt ar an gcúigiú ionaid. Is ón leibhéil seo a thagann na máistrí, agus is ann a chónaíonn siad. Cé go bhfuil leibhéil níos airde fós curtha i gcrích aca, is ar an gcúigiú ceann a fhanann siad. Tá alán eile ach is deachar é a thuiscint, agus ní theastaíonn Uaim sibh a chur amú. Mar sin stopfaidh Mé, agus beidh deis eile againn, tréis tionscnamh b'fhéidir, agus inseoidh Mé a thuilleadh daoibh ansin. Ba mhaith Liom insint daoibh páirt na samhlaíochta, agus go háraithe an míthreoir a thugann sé do dhuine maidir le nithe diaganta, ach fágfaidh Mé é go lá éigin eile.

Anois, an bhfuil ceist nó dhó agaibh? Agus má éirím beagáinín tuirsiúil, is féidir libh Mé a chaiteamh amach. (Máistir ag gáirí). Ceisteanna? Sea, sea! Fan nóiméad,led thoil. Fan go

dtiocfaidh an miocrafón chun go mbeadh seans ag gach duine éist leat!

Ceist (C). Rinne Tú tagairt do mháistir le *karma* ar iasacht aige. Na daoine a thug dó é, an bhfuil siad glan de *karma* anois nó cad a thárla dóibh?
Máistir (M). Sea,sea, sea! Is féidir le máistir *karma* a bhaint d'aon duine más maith leis. Is fíor freisin gur ghlanadh an *karma* a bhí bailithe ag na deisceabail go léir ag am a dtionscnamh. Mar sin nuair a thógann máistir *karma* ó dhuine, fágann sé a dhóthain le mo dhuine chun leanúint len a shaoil ar domhain. Gan *karma*, ní fhéadfá maireachtaint ar domhain, agus gheobhaidh tú bás. Dá bhrí sin glanann máistir an stór *karma* atá agat, agus bíonn go leor fágtha leat chun d'obair féin a dhéanamh. Sin críoch leis. Ní bheadh cumas filleadh ag máistir gan é. Agus cé go raibh sé glan sa tsaoil seo, cad mar gheall ar a shaoil roimhe sin? Tuigeann tú? Sea! Océ!

C. Go raibh maith Agat.
M. Fáilte romhat. Ceist chiallmhar uait a dheallraíonn go raibh tú ag éisteacht go haireach. Ceann eile?
C. Cén cuspóir atá Agat?
M. Cuspóir? Nár inis Mé daoibh? Taistil go dtí an saol úd eile, ar ais go Ríocht Dé, eolach le gaois, agus ó thaobh mhoráltachta biseach id' shaoil phearsanta.
C. An bhfuil *karma* ann i ngach ríocht nó leibhéil?
M. Bhuel, níl, ach amháin suas go dtí an dara ríocht; i ndiaidh san agus tú ag dul níos airde, níl gá le hinchinn saolta. Ach má tugtar misean duit, agus caithfidh tú filleadh ar domhain, beidh sé ag teastáil uait ansin. Go minic bíonn

máistir ag dul ar ais agus ní foláir dó stop ar an dara leibhéil chun inchinn saolta a fháil, agus mar adearfá éadaí domhanda a chur air. Gan an trealamh seo ní bheadh sé ábalta filleadh. D'fhéadfá comparáid a dhéanamh le tumadóir a théann faoi uisge ós rud é go mbíonn féasóg a chaitheamh aige, ocsaigin srl., agus cé gur cosúil le frog é, ní fhéadfadh sé dul faon uisge gan na rudaí sin bheith air. Agus an rud chéanna linn, táimíd chomh ghránna san faoi mheáchain an trealamh domhanda atá anuas orainn. Ach ar an dtaobh istigh is daoine sár álainn sibh. Tuigeann sibh? Mar sin nuair a bhíonn an dara ionad sroiste agus muid ag dul níos faide, ní bheidh tuilleadh úsáid agat d'inchinn saolta (nó ríomhaire). Glaotar ríomhaire air toisg go mbailíonn sé gach uile rud a thárla duit i rith do shaoil, agus suas go dtí an dara leibhéal. As san amach ní úsáidtear é. An scéal chéanna leis an tumadóir - nuair a thagann sé as an uisge, cuireann sé uaidh an fhéasóg ocsaigin agus an trealamh a bhí air. Sea! Oce! Fan, fan! Níl ach miocrafón amháin ann, agus níl sé go ró mhaith.

C. Go raibh maith Agat, Máistir. Dúirt Tú nuair a bheidh an dara leibhéal bainte amach, go gcaithfidh tú bheith saor ó *karma* sula ndeachaigh tú níos faide. An gciallaíonn sé sin *karma* a bhí agat i saoil éigin eile, agus a thug tú leat isteach sa tsaoil seo?

M. Sea! Níl ríomhaire againn anois chun é a charnú, mar a mhínigh Mé sa cheist roimhe seo. Tá *karma* againn toisg an ríomhaire, ár inchinn saolta a bhailíonn gach rud idir olc 's maith a thárla dúinn ar feadh ár saol domhanda. Tugtar *karma* ar an mbailiúcháin chéanna, iomlán na rudaí a thárla dúinn ar domhain. Agus de bharr ár gcoinsias, tá a fhios

againn nuair atá peaca nó olc éigin déanta. Cuirtear ualach throm orainn ag na bpeacaí chéanna, agus muid tarraingthe síos leo da mbeadh brúscar nó bagáiste a iompú againn. An dtuigeann tú? Toisg an méid rialacha 's cleachtais moráltachta sa tsaoil seo, tá béasa 's bealaí ag gach uile náisiúin, agus tuairimí aca faoi cad is ceart nó mícheart, cionntacht nó neamhchionntacht. Dá bhrí sin agus naisc againn le daoine ar fúd an domhain, faighimid taithí ar na rudaí seo go léir agus iad bunaithe ar nósanna, tradaisiúin agus dlithe na tíortha éagsúla. Agus an nós chéanna agat, ceapann tú go bhfuil tú cionntach tréis an rud seo nó an rud siúd déanta agat, agus gur droch dhuine thú. Tuigeann tú? B'fhearr linn éalódh ós na rudaí sin ach coimeádtar siar sinn mar nílimíd saor ó na tuairimí agus na míthuairimí a mhíníos daoibh.

C. Nuair a saolaíodh sinn don dara, triú nó cibé uair é, an raibh sé réamhchinnte ó thosach cén leibhéil a shroisimíd?
M. Níl, ó tá ár ndeoin féin againn agus is féidir an leibhéal a oireann dúinne a aimsiú 'nár am féin. Tóg gluaisteán mar shampla, agus b'fhéidir nach sampla maith é toisg nach bhfuilim ábalta ceann a thiomáint. Is cuma cé mhéid peitril atá inti, má théann tú go han tapa beidh tú ag do cheannscríbe níos luaithe ná fear atá ag gluaiseacht go mall. Océ! Is leatsa an cinneadh. Sea!
An fear in aice leat? Ó, rud eile uait? Níl?

C. Ceist ar na haingil, cén leibhéal ara bhfuil siad?
M. Cén leibhéal? Brathann sé ar an sórt aingil atá i gceist?
C. Aingil coimhdeachta.
M. Humm?

C. Na haingil choimhdeachta!
M. Is dócha go bhfuil na haingil seo socraithe ar ionaid suas go dtí an dara leibhéal. Tá aingil níos ísle 's níos lú cháil ná daoine saolta. Déanann siad freastail orainne.
C. Agus ní théann siad thar an dara leibhéal?
M. Ní hea! Ach amháin má aistrítear go daoine saolta iad. Tá siad in éid linne toisg an cumas againn Dia bheith ionainne, agus gan é acasan. Is casta é, déanfaidh Mé trácht air arís. Océ! Mar aduirt Mé, chrutaigh Dia aingil chun freastail orainne, agus níl feidhm eile aca. Níl gá dóibh dul thar an dara ionaid ach má théann corr aingil is fiú le rá é. Tuigeann tú? Bíonn rudaí ann agus déantar iad chun seirbhís a thabhairt dúinn. Mar shampla, id' thig féin d'fhéadfá na soillse go léir a choimeád ar lasadh nó a mhalairt, agus an rud chéanna leis an dteilfís toisg gur rudaí iad déanta chun seirbhís a thabhairt duit. Cé go bhfuil comhacht aca, agus cuid aca an-chomhachtach, tá an smacht agatsa! I ndeireadh na dála, is rudaí atáimíd a labhairt faoi, agus ní fhéadfadh aon rud bheith in iomaíocht le duine déanta in íomhá Dé! Ceart go leor. Océ!

M. Sea, a dhuine uasail? Sea?
C. Máistir Ching Hai, ... i ndiaidh mo bháis agus filleadh dhom le corp eile, an amhlaidh a bheidh mé ar an gcóir chéanna, nó i staid níos measa ná mar a bhíos im' shaoil roimhe seo? Cad é an tslí is fearr do gnáth duine dul don saol úd eile?
M. Bheith saor ó do chorp saolta, agus gluais ar aghaidh i dtreo an tsaoil úd eile, sea? Is féidir leat, agus a fhios an tslí agat. Tá morán módhanna éagsúla chun thú a bhreith go dtí

an saol úd eile; cuid aca, ní théann siad i bhfad, cuid eile a théann níos faide agus ceann nó dhó an turas iomlán. Sa taighde déanta Agamsa ó bhí Mé óg - nílim chomh óg anois, ach féachaint na hóige Orm, b'fhéidir! Ón dtaighde san d'fhéadfá taistil go dtí an domhain réaltach, don triú nó an ceathrú leibhéil, agus fíor bheagán a thógfadh tú don chúigiú. 'Sé an módh atá Againn an ceann is fearr mar tig leat taistil go dtí an pointe is sia amach. An cleachtas atá Againn ná, thú a bhreith go dtí an chúigiú ionaid, agus beidh tú saor ansin dul níos faide más mian leat. Tuigeann tú? Tréis an cúigiú leibhéal a fhágaint gheobhadh tú radharc eile ar Dhia, agus ní dócha go mbeadh sé taithneamhach ann duit i gcónaí. Samhlaimíd go mbeidh gach rud níos fearr dá airde a théighimíd, ach ní fíor i gcónaí é. Má tugtar cuireadh duit do thig mháistir, áit iontach é, agus flaithiúlacht thar bharr idir bia 's deoch ann ach is dócha go dteastódh uait an mainteach uilig a fheiceáil. Téann tú ó sheomra go seomra agus feiceann tú gach rud chomh maith le hionaid bhrúscair. Taobh thiar den tí tá tighín 'na bhfuil gineadóir leictreachais, agus i ndiaidh dul isteach ann maraítear le leictreachais thú. 'Sé atá a rá Agam ná, ní moltar duit gabháil níos faide más eachtra amháin atá á lorg agat. Sea, océ.

C. Máistir Ching Hai, tá dhá cheist agam. Cén uair a thiocfadh cuimhní do dhuine ar ais ar saoil atá caithe aige cheana féin? Agus, an bhfuil baint ag saoil atá thart aige le *karma*?

M. Id' shaoil faoi láthair, an ea? Do *karma* láithreach?

C. Sea, an *karma* láithreach agus a chomhacht chuimhnimh. An iad an breis bagáiste a thráctaigh Tú ar?

M. Sea! Tá baint mhór eatortha. Do chead cheist, *karma* ó saoil thart?
C. Ní hea! Cuimhní ó saoil thart.
M. Is féidir leat cúntas ar saoil caithe agat a léamh san cúntas *akashic*. Sórt leabharlann é an cúntas *akashic*, lonnaithe ar an dara leibhéil agus ar fáil d'aoinne a shroiseann an ionad chéanna. Cosúil leis an leabharlann sna Náisiúin Aontaithe ach níl fáil ag cách air! Is féidir libhse úsáid a bhaint as, agus tig Liomsa inniu mar aoí-chainteoir an lae! Sibhse fostaithe anseo! Mar sin nuair a bheidh tú ar an dara ionaid, beidh an scéal ag feitheamh leat. Ar an gcéid leibhéil is féidir eolas éigin a bhailiú ar shaoil dhuine, ach is beag le rá é. Agus na rudaí a thárla do dhuine i saoil ata thart aige, cén tionchar acha ar a *karma* láithreach? I dtaobh rudaí cruinnithe ó saoil atá thart againn agus an taithí ag gabháil leo, is féidir a rá go mbainimíd úsáid asta chun deachrachtaí 'nár gnáth shaoil a chlaoi. Tuigeann tú? Agus rudaí mídheas a thárla dúinn sa tsaoil sin, beimíd scanraithe roimh aon siombail nó comhartha a thugann chun chuimhne iad. Chuir i gcás, bhí timpiste agat ag dul thíos staighre agus gortaíodh thú, é dorcha 's gan duine i bfhoisceacht le láimh chúnta a thabhairt duit. Anois sula rachadh tú thíos staighre, bíodh imní 's scanradh ort agus iarracht mhór ag teastáil uait leis an turas a dhéanamh. Sampla eile ón tsaoil atá thart, abair go raibh spéis agat i nithe eolaíocha agus an-staidéar 's taighde déanta agat. Ar domhain, bíodh an spéis... suim.. Gabh Mo leithscéil! Cosúil le rabhlóg Síniseach! (gáireann Sí). An bhfuil Mo chuid Bhéarla maith go leor?
Cruinniú. "Sea! Ar aghaidh Leat!"

M. Océ! Go raibh maith agaibh. Fé mar adúirt Mé, bhí tarraingt ort ag an dtaighde eolaíocha, cé nach eolaí thú anois. Féach ar Mozart, ginias nuair a bhí sé ceithre bhliain d'aois! Bua an cheoil aige, agus sár chlú air suas don lae inniu! Sea! Ginias ba ea é agus bhí sé ag síor chleachtadh sna saoil cheana a bhí aige sula rinneadh máistir dó, agus go luath 'na dhiaidh fuair sé bás. Ní raibh doimhneacht a thallainn féin teaspánta, agus dúil chomh láidir san sa cheoil aige nach raibh sé sásta fanúint ón domhain. D'fhill sé agus tháinig an tallann 's an cáil in éineacht leis. D'fhoghlaim daoine cosúil leo alán ón domhain réaltach nó ón dara leibhéil roimh a n-athbhreithe, agus filleadh ar domhain dóibh. Dá bhrí sin tá buanna thar cionn aca i gcúrsaí eolaíochta, mar cheapadóiri ghléis 's uirlisí, nó ag cumadh litríocht nó ceoil. Tuigeann tú? Is deachar a shamhailt an ceapadóireacht agus an cumadóireacht atá i gceist, agus fíor dheacar iarracht aithrise a chur i gcrích. Mar sin 'sé bun agus barr an scéil go bhfuil dhá sórt léann sa tsaoil seo nó san saol úd eile. Daoine tréitheach sármhaith, saineolaithe iad ón saoil úd eile mar an domhan réaltach, agus an dara nó an triú ionad. Sea, daoine sár iontach iad uilig. Giniais. Océ? Sea?

C. An bhféadfá míniú dom go sonrach cad a tharluíonn ag am do thionscnaimh, agus an bhfuil cleachtadh laethúil ag baint leis?

M. Océ. I dtús báire tá sé saor, níl réamhchoinníollacha ag dul leis, ná cáilíochta fé leith nó eolas dheóga nó aon sórt machnaimh ag teastáil. An t-aon coinníoll amháin atá ann ná, go mbeitheá id' fheoilséantóir ón lá sin amach. Is féidir leat cáis a ithe agus bia bailithe gan marú ach ní cheadaítear

bainne nó uibheacha. Maidir le hubh, deirtear gur leath-mharú é cé nach bhfuil sicín inti; tá sé ráite freisin go bhfuil cuma dhiúltach agus siombail éigin le hubh ó tá sé in úsáid ag draoithe, fir a chleachtann asarlaíocht agus iad ag iarraidh an diabhal a thiomáint as duine bocht. Chuala tú trácht air, nár chuala? Tá a fhios agat? Ar a laighead, tá cruthúnas agus léargas láithreach Agamsa daoibh. (Gáire). Ag am do thionscnaimh, gheobhaidh tú taithí ar fhuaimeanna agus sholais Dé. Sea? Ceol an spioraid a tharraingíonn tú i dtreo an leibhéil níos airde choimhfheasa, agus is ansin a bhíonn tuiscint agat ar an *samadhi* ceart - doimhne síochána 's sonais. Sea, agus 'na dhiaidh sin má cheapann tú gur rud tábhachtach duit é, beidh tú ag cleachtadh go rialta. Ní fhéadfainn brú a chur ort, ach má theastaíonn cabhair uait, beidh Mé leat. Muna bhfuil cabhair uait, sin scéal eile! Tá an clár machnaimh leagtha síos Agam anseo: Dhá uair go leith i rith an lae; leath-uair ag am lóin (bíonn uair agat, agus is féidir leat áit chiúin a aimsiú); sa tráthnóna, leath-uair nó uair más féidir; dhá uair eile sula théann tú a chodladh. Leis an gcláir a chur i bhfeidm caithfidh tú éirí go luath ar maidin agus ní foláir smacht a bheith ort féin ionas 's go mbeidh níos lú ama agat ag breathnú ar teilfis, ag léamh páipéir nuachta, ag cadráil le daoine nó ar an dteileafón. Is fíor go bhfuil alán am againn, agus uaireanta é churtha amú cosúil leis an gcarr parcáilte sa chúlclóis agus ba chóir é bheith ar an mbóthair ard don Oileáin Fhada. An bhfuil tú sásta? Sea, sin an méid, agus gan coinníoll ar bith eile ach amháin an cleachtadh laethúil a thabhairt leat go deireadh do shaoil. Agus gach lá tagann iompú bisigh ort, iomdha miorúiltí a thárluíonn duit agus is cuma an raibh súl agat leo nó nach raibh. Tiocfaidh sé ar aon

nós, an dtuigeann tú? Agus nuair a thagann an lá san, cuirtear neamh in iúl duit le neart mothúcháin sonasach a bheidh ort. Sin é an fáth go bhfuil na céadta mílte deisceabail Agam le na blianta fada mar go gciallaíonn sé dóibh an tábhacht ag baint leis agus go háraithe an cleachtadh laethúil.

M. Hmmm! Sea, más é do thoil é. Tá beirt agaibh! An fear tosaigh, ar dtús. (Máistir ag gáirí).
C. Ba mhaith liom eolas cruinn a fháil ar nádúr choimhfheasa, más é Do thoil é?
M. Nádúr choimhfheasa, océ. Is an-deachar míniú cruinn a thabhairt duit, agus mar sin níor mhiste do shamhlaíocht féin a úsáid. Sórt gaoise é a bheireann eolas chugat ar nithe nach raibh tú eolach fútha cheana, agus 'na theannta tugann sé radharc níos soiléire ar morán rudaí eile agus bíonn tuiscint agat ar rudaí sa tsaoil seo agus san saol úd eile nár thuig tú riamh.

B'shin an comhfhios. Nuair a bhíonn d'inchinn oscailte leis an gaois seo tuigeann tú cad atá ionat féin, cad as a tháinig tú, cén chúis go bhfuil tú anseo, cad atá sa tsaoil úd eile srl. Ó thaobh na tuisceana dhe, nuair a labhraim faoi leibhéil choimhfheasa, caithfidh Mé béim a chur ar na céimeanna éagsúla ann agus brathann sé ort féin cén céim ara bhfuil tú. Cosúil le scoláire a éiríonn ó grád go grád, is mar an gcéanna leatsa, beidh ardú chéim faighte de réir an méid foghlamtha agat. An bhfuil tú sásta le sin? Is an-chrua rud teibí a mhíniú i gceart, ach rinne Mé iarracht. De réir mar a shroiseann tú leibhéil níos airde choimhfheasa tárluíonn athruithe difriúla duit, agus mar a dúirt Mé is deachar míniú a thabhairt dóibh i

bhfoclaibh ach tagann féin-aithne Im' aigne. Ar aon chuma, b'éigean duit é a mhothú duit féin agus a fhios agat ansin an athrú atá tagtha, agus doimhneacht do mhothúcháin pearsanta leis an síocháin 's an sásamh timpeall ort. Sa staid seo, níl buairt ar bith ort agus tú cumasach gach fadhb laethúil a shárú. Féach ar an bhfear atá i ngrá agus é pósta leis an gcailií chéanna, go háraithe cuimhnighí ar na mothúcháin álainn sonasach aigesin: conas is féidir é a mhíniú dó féin, fiú amháin d'aon duine eile? Hmmm! Sea?

C. Máistir onórach, táimíd buíoch Duit ar an léargas atá tugtha dúinn. An ceist agamsa ná - leis an méid máistrí 'nár measg tá morán deis againn staidéar a dhéanamh ar nithe spioradálta, agus ní raibh an seans chéanna ag na daoine fadó. Cad 'na thaobh san?

M. Sea. 'Sé córas chumarsáide an lae inniu is mó is cúis leis. Mar sin tá lán eolas againn ar na máistrí, cá háit 'na bhfuil siad suite agus chomh éasca buaileadh leo. Nílim a rá nach raibh máistrí ann fadó agus go raibh sé deachar teacht ortha; do bhí, ach ní raibh sé éasca teagmháil le cuid aca. Ar ndóigh, brathann sé ar an máistir féin, agus an gaol atá aige le na daoine 'na thimpeall air cé chomh toilteanach é buaileadh leatsa nó le haoinne eile. Ós rud é go mbíonn beirt, triúr, cúigear nó níos mó máistir i ngach glúin, beidh do rogha féin agat. Ta an t-ádh linne leis an méid máistrí againn, agus muid eolach fútha le cabhair na meán cumarsáide - teilfís, an radio, agus na céadta mílte leabhair 's na mílte milliúin cóipeanna i gcló. Sea! Ag dul ar ais go haois eile sula tháinig an chéad clóphreas ar an saoil, níorbh fholáir duit beagnach an crann a leagadh tú féin agus é a ghearradh suas ionas go mbeitheá

ábalta roinnt focail a shnoí air. Thóg sé alán ama, na blianta uaireanta agus fíor bheagán cóipeanna ach oiread curtha amach. Cuirtear i ndúil duit é inniu aon uair a chíonn tú leoraithe lán ó bhun go barr le leabhair agus iad a dháileadh ar fúd na tíre, agus an rud chéanna i ngach thír. An dtuigeann tú anois cén fáth go bhfuil neart máistrí ann? Mar adúirt Mé cheana, beidh do rogha agat, agus bí ciallmhar leis i dtreo 's nach bhféadfadh caimiléir a rá leat:- "Mise an fear is fearr!" Ach is féidir leat cleas a imirt mar:- "Is maith liom an máistir seo!" nó "B'fhearr liom an fear eile!" nó "Aghaidh uafásach air!" nó "Fear ghránna é!" (Gáire!).

C. Agus Tú ag labhairt faoi rogha, an bhféadfá tionscnamh a thabhairt do dhuine agus é glactha isteach cheana féin ag máistir eile?

M. D'fhéadfainn ar choinníoll go gcreideann sé go bhfuil an chomhacht Agamsa é a bhreith níos mire don leibhéil is airde dó; muna gcreideann, agus iontaoibh aige as an máistir eile , b'fhearr dó fanúint mara bhfuil sé. Ní gá smaoineamh ar athrú mháistir agus ceann maith agat. Ach má tá amhras ort, go mór mór gan taithí faighte fós agat ar fhuaim 's solais Dé, b'fhearr duit triail a bhaint as máistir nua. 'Sé an tomhas caighdeánach a úsáidtear ar mháistir ná an acmhainn 's an luas a bhaineann leis agus duine a chur in aithne aige don fhuaim 's solais Dé. Muna bhféadfadh sé é a dhéanamh, is oth Liom a rá gur bréig-mháistir é. Caithfidh an solas 's an fhuaim bheith leat ar an mbóthair go neamh amhail mar scéal an tumadóra a d'inis Mé daoibh - ní foláir ocsaigin 's féasóg a bheith air ag dul isteach san fharraige dó. Océ? Sin é an fáth go bhfeictear na naoimh le fáinne solais ar a gcinn. Sin solas Dé!

Nuair a cleachtann tú an módh atá Agam, gathaíonn tú an solas chéanna a fheiceann tú ar Íosa sa phictiúir, agus cíonn alán den phobail é, go háraithe iadsan atá síceach, tá a fhios agat. Sin é an cúis go bhfuil Íosa agus Buddha tarraingthe agus ciorcail solais thart Ortha. Nuair a osclaítear d'inchinn le neart spioradálta, beidh tú i ndán cleachtóiri ard aicmeach (mar máistrí) a fheiceáil leis an solas chéanna anuas ortha. (Síneann an Máistir méar i dtreo A héadain). Tá sé feicthe ag alán. An bhfaca aon duine anseo é? Tusa? Chonaic tusa é?

C. Bhuel, is féidir liom cruth.. cruthanna (*auras* i mBéarla) a fheiscint...
M. Sea, ach tá difríocht idir an cruth ar dhuine agus an solas atá i gceist againn. Tig leat cruth a aithint ón dath air, uaireanta dubh, uaireanta liathbhuí, agus uaireanta eile buí nó dearg; brathann sé ar mheoin an duine ag an am. Ach nuair a chíonn tú fear le cruth láidir spioradálta air, aithníonn tú an difríocht. Ceart? Sea!

C. Níl ceist agam. Ach amháin..., ar feadh tamaill do chleactaigh mé dheóga thiarna.
M. Dheóga thiarna. Sea.
C. Agus cheapas freisin go bhfaca mise *auras* san am sin. Is beag eolas a bhí agam, an bhfuil a fhios agat....
M. Tuigim. Agus ní fheiceann tú anois é? Anois 's arís?
C. Ní hea! Ní dhéanaim aon macnamh faoi láthair.
M. Chaill tú do chomacht mar gheall ar sin. Ba chóir duit tosnú ag machnamh arís. Sea?
C. Sea!

M. Má tá an creideamh agat, tóg suas arís é. An machnamh! Gheobaidh tú cabhair as, agus ní dhéanfadh sé dochar duit. Océ?

C. Léigh mé sa bhileoig ar na cúig eascairí. Tréis tionscaimh duit, caithfidh tú géilleadh do na cúig eascairí, an ea?
M. Sea! Sea! Sea, siadsan na dlithe!
C. Ní thuigim cad is brí le mí-iompar gnéasach?
M. Ciallaíonn sé má tá fear chéile agat, ná bí ag lorg ceann eile!
C. Océ. (gáire ar gach taobh).
M. Coimeád do shaol féin simplí, gan castacht 's gan imreas a thógail le d'fhear chéile, ná díobháil a dhéanamh ar aon duine. Mar sin seachain conspóid, agus ná himir fulaingt fisiciúil nó damáiste ar mhothúcháin dhuine, go háraithe agus grá agat dó. Océ? Má tá fear eile agat, ná habair le do chéile é. Gortaíonn eolas duine, agus dá bhrí sin b'éigean duit do réiteach féin a fháil air gan focail asat. Tá daoine ann gan ciall a cheapann gur ceart é a admhaigh amach go neamhbalbh ach is botún mhór é! Tá botún amháin déanta agat, agus dá bharr sin ná tóg abhaile leat é! Ní ghortaíonn easpa eolais thú, tuigeann tú? Is leatsa an fhadhb 's an réiteach, agus iarracht a dhéanamh nach dtarlóidh sé duit arís. Sea!

C. Thugas faoi ndeara go bhfuil tuiscint láidir ag máistrí don ghreann. An bhfuil ceangal idir greann agus an cleachtadh spioradálta?
M. Ó, cím! Is dócha go mbíonn féachaint sonasach, éadtromchroíoch ortha agus iad ar a suaimhneas tréis machnaimh. Tá áiféis 's amaideacht sa tsaoil, morán teannais,

daoine ag tabhairt tábhacht do nithe nach tábhachtach, agus dá dheasca san níor mhiste duit gáire ó am go chéile. I ndiaidh cleachtadh tá an obair tromchúiseach thart, agus d'fhéadfadh máistir a scíth a ligint; agus an meon sin air is cuma leis an bfhaigheann sé bás amárach nó ná fhaigheann, an gcailleann sé gach atá aige nó ná chailleann, an mbíonn flúirse rudaí bailithe nó ná bhíonn -is féidir rudaí a roinnt idir gaolta agus iadsan go bhfuil meas aige ortha. Sea, tá iomarca ghaois, acmhainn 's an léargas spioradálta ag na máistrí chun aire a thabhairt dóibh féin ar gach ocáid. Níl scanradh ná imní orainn faoi aon rud, taimíd sa tsaoil 's nílimíd ann, agus sin an fáth go bhfuilimíd chomh suaimhneasach 's atáimíd. Níl Mé a rá go gcaithfimíd an lá go léir ag machnamh ar leaba táirní! Tá obair againn, tuigeann tú? Tuillim Mo bheatha le dathadóireacht agus obair lámhchéird, agus nílim ag lorg deontas ó aoinne. Ní gheibhim morán ach déanann sé Mo gnó, agus bíonn beagán Agam le thabhairt do dídeanaithe, íobartaigh tubaiste srl. Nach ceart dúinn bheith ag obair leis an tallainn, an ábaltacht 's an dearcadh atá againn ar an tsaoil? Tuigeann tú? Agus an cuma shuaimhneasach orainn, sin chúis an ghrinn! Díreach é! An bhfuil Mise greannmhar?
Cruinniú. Sea! (gáire agus buaileadh bos).
M. Sea, agus b'fhéidir gur sórt Máistir an ghrinn Mé? (gáire). Océ. (Máistir 's cruinniú ag gáirí fos). Tá súil Agam nach mbuailfidh sibh le máistir dúr gan grinn, agus go gcaithfidh sibh éisteacht leis ar feadh dhá uair a' chloig! Océ. Ceist eile?

C. Máistir Ching Hai, tá flúirse ceist agamsa. D'fhéadfá freagra a thabhairt ar an gcuid is mó agus más mian Leat an.
...

M. Océ! Freagraí ag dul duit ar ocht gceist 's céad!
C. Aon uair a chuireas na ceisteanna seo ba theoiricí agus scéalta a fhuair mé mar fhreagra ortha, agus anois ba mhaith liom na ceisteanna chéanna a chuir Romhat. Seo iad - "Cé hé mise? /Cad chuige go bhfuil mé anseo? /Cén fáth go gcaithfidh mé dul abhaile go neamh?" An bhfuil a fhios Agat, conas a d'fhág mé neamh agus an tábhacht ag gabháil le filleadh air. Thráctaigh Tú ar an gcúigiú ríocht, agus nach raibh sé tábhachtach dul níos faide ná é - cén chúis a bheadh ag duine dul nios faide? An ndéanfadh sé aon difear domsa muna dteastaíonn uaim filleadh ar an ionaid 'na rabhas cheana? Sin na ceisteanna.
M. Océ. Océ, tagann do cheisteanna i ndá ghrúpa agus 'sé atá sa chéad cheann ná: "Cé hé tusa?/Cad chuige go bhfuil tú anseo?" agus "Cén fáth go gcaithfidh tú filleadh ar neamh?" Sa ghrúpa eile tá ceisteanna ar an gcúigiú 's an seú ionaid. Ceart? An-shimplí. Tá sé ag éirí greannmhar anois.
Cruinniú. (gáire agus buaileadh bos).
M. Ag breathnú ar an gceist :-"Cé hé mise?", d'fhéadfá dul ar thóir an máistir Zen agus cónaí air áit éigin i stáit Nua Eabhrach. Féach sna leathanaigh buí, agus is dócha go bhfaighfidh tú ceann ionta (gáire). Nílim oilte déileáil leis an gceist. An dara cheann:- "Cad chuige go bhfuil tú anseo?"; b'fhéidir gur fearr leat bheith anseo? Hmmm? Mar ní fhéadfadh aoinne brú a chur orainn teacht anseo toisg gur páistí Dé sinn, agus mar gheall ar an gceangail le Dia a théann leis an dteidil chéanna. Ní hea? Tá cosúlacht éigin idir prionsa agus rí i nithe áirithe, is dócha, agus ar aon chuma 'sé an prionsa an rí a bheidh ann sa todhchaí. Muna dtaithníonn sé le prionsa bheith in áit éigin ní bheidh sé ann. Hmmm? Ar

aon nós tá saorthoil againn, agus ár rogha fanúint ar neamh nó imteacht chun taithí a bhailiú in áit eile. B'fhéidir go rinne tusa do rogha fadó fadó, filleadh ar an tsaoil chun taithí níos eachtrúil 's scéiniúil a bhailiú duit féin. Is maith le daoine áirithe taithí scanrúil a chruinniú, agus an prionsa a dhéanamar trácht faoi, b'fhéidir go n-éiríonn sé tuirseach bheith sa pháláis an t-am go léir agus go dtéann sé amach ar fánaíocht sa mhothair. Is mian leis bheith 'na thaiscéalaí ó tá sé sa nádúir aige' Hmmm? An amhlaidh agus muid ar neamh le gach uile rud ar fáil go héasca dúinn, gur theastaigh uainn rud éigin a dhéanamh dúinn féin? Cosúil le rítheaghlach a thugann lá saor dá sheirbhísigh uilig ionas an cócaireacht a dhéanamh dóibh féin; bíonn ola scaipthe ar úrláir na cistine agus aghaidh gach duine aca faoi bhrat citseap. Ach bíonn an-spórt aca! Cé go bhfuil neart tiománaithe Agam, agus morán eile gur mhaith leo Mé a thiomáint ó áit go háit, b'fhearr Liom ag rothaíocht ar Mo trírothach. Is gléas bheag é, ach níl gail ag teacht as óir níl leictreachais ná súiteoir air, agus téann sé ar luas deich míle nó deich gciliméadair san uair. Ba mhaith Liom dul timpeall mar sin. Uaireanta rothaím go háiteacha agus is eol do chách Mé, agus in áiteacha eile níl aithne ag madra Orm. Is cailín cothúil Mise ach amháin nuair a b'éigean Dom léacht a thabhairt, agus sórt dualgas é dos na daoine a fhionnadh 's a bhronn Orm an stádas iomráiteach seo. Ní féidir Liom rith uaidh, ach anois 's arís bíonn sos Agam ar feadh dhá nó trí mhí. Amhail mar bhean, 'sí úillín óir a fhir chéile í, ach ní féidir léi glacadh a thuilleadh leis agus mar sin imíonn sí an doras amach! Mo rogha féin, an bhfeiceann tú, agus is dócha gur mar an gcéanna leatsa - rinne tú rogha bheith ar domhain ar feadh tamaillín! Anois tá an t-am tagtha

chun imeacht on saoil toisg nach bhfuil pioc eile le foghlaim agat anseo, agus tú tuirseach den taistil. Tá sos tuilte agat! Téigh abhaile, bíodh se agat, agus tréis scaithimh b'fhéidir go dtiocfaidh dúil ort imeacht ar thuras eachtrúil éigin. Océ? Sin an méid atá le rá Agam ar na ceisteanna san.

Cad 'na thaobh go gcaithfidh tú filleadh abhaile? Agus cad mar gheall ar an gcúigiú 's an seú leibhéil? Leat féin an cinneadh! Tréis an cúigiú tig leat dul go háit ar bith, agus morán leibhéil thuas ansin le haimsiú. Tuigeann tú? Ar na hionaid atá níos faide thuas ón gcúigiú, gheobhaidh tú brú anláidir ort, agus dá dheasca san ní fhéadfá do scíth a ligint fiú amháin ná fanúint ró fhada ionta. Dá bhrí sin, bheadh sé níos compordúil 's níos neodraí duit tú féin a shocrú ar an gcúigiú leibhéil. D'inis Mé daoibh scéal an mháistir agus an teach sár álainn aige, agus is dócha go mbeadh teach álainn agatsa ar an seú nó pé leibhéil 's tú lonnaithe ach mar adúirt Mé ní racadh tú ann chun bheith ar do shuaimhneas. Sa tslí chéanna agus tú ag lorg sos, ní racadh tú isteach i seomra 'na bhfuil gineadóir leictreachais atá fothramaíl, glórach, te, agus contúirteach. Tuigeann tú é sin? Is deachar a shamhailt an méid gnéithe speisialta ag baint le Dia. Rud eile, sílimíd dá airde a théimíd go mbeadh níos mó grá le mothú ann, ach tá saghas amháin grá agus saghas eile idir láidir 's bog, an cineál neodrach 's an cineál dásachtach. Ó am go chéile, bíonn difríochtai le sonrú san grá a thugann Dia dúinn. Agus ceangal freisin idir an sórt grá agus an leibhéil ara bhfuil tú. Océ? Ach uaireanta bíonn grá Dé fíor-láidir, agus é ag chur brú orainn.

C. Dia duit. Cím an scrios ar gach taobh díom, agus bánú timpeallachta.
M. Fíor!
C. Turcántacht. Turcántacht do ainmhithe.
M. Sin fíor.
C. Cén radharc atá Agatsa ar na rudaí seo, agus an bhfuil comhairle Agat d'aoinne ag iarraidh an saol spioradálta a leanúint agus ag an am gcéanna cóipeáil leis an léirscrios atá ar siúl? An mholfadh Tú liom gan bac le na rudaí san agus mé ag dul go dtí an saol úd eile, nó an bhfuil dualgas orm an fulaingt thart orm a éadtromú? An ndéanfadh sé puinn maitheas?
C. Déanfadh! Déanfadh! Ar a laighead do choinsias dhuine ó tá sé ag tabhairt faoiseamh fulaingthe d'fhear éigin eile! Sin a dhéanann Mise; tá sé déanta cheana Agam, agus beidh an cleachtas chéanna a dhéanamh sa todhchaí. Tá sé ráite Agam i dtaobh matalaing, má tá airgead le sparáil dáilim amach do na heagraíochtaí sna tíortha éagsúla. Nílim ag maíomh as, ach chuir tú an ceist Orm, agus mar shampla, thugamar milliúin $ dollair do na Filipínigh anuraidh i ndiaidh bholcáin Ard Pinatubo. Tá cabhair tugtha freisin do íobartaigh na tuilte sa tSín agus i Bhietnam, agus táimíd ag iarraidh cabhrú le dídeanaithe ó Bhietnam chun an t-ualach ar an U.N. a laghdú má theastaíonn uatha é. Sea, tá na rudaí sin ar siúl againn - an dtuigeann tú anois? Taca airgeadais a thugaimíd amach go mór mór, ach le beannacht ón U.N. tig linn freisin roinnt maith dídeanaithe a shocrú in áiteacha eile. Tuigeann tú? Fé mar a mhínigh Mé duit, táimíd ag tabhairt faoi na rudaí san, agus iarracht freisin againn stad a chur le milleadh na timpeallachta. Dá bhrí sin, 'sé an aidhm againn ná - fulaingt a laghdú agus caighdeáin mhoráltachta a ardú! Sea! Cúnamh

fisiciúil 's cúnamh spioradálta atá ar fáil! Tá morán casánna agus cúnamh fhisiciúil amháin uatha. B'shin an cabhair a gheibheann siad, agus b'shin an fáth go bhfuil Mise ag saothrú. Ní háil Liom maireachaint ar dheontais, an dtuigeann tú? Caithfidh Mo dheisceabail 's Mo mhanaigh obair cosúil leatsa! Agus chomh maith le sin mar adúirt Mé, tá cabhair spioradálta ar fáil uainn, agus é ar fáil i ngach tír sa domhain. Tá sé de dhualgas orainn é a dhéanamh, ach ní chiallaíonn sé go gcaithfimíd an lá go léir 'nár shuaimhnis ag baint taithneamh as *samadhi*. Sin Buddha ar mhaithe leis féin, agus nach dea-eolach an fear é? Níl fáilte roimhe anseo! (gáire)

C. Tá ceist amháin eile agam. N'fheadar an bhfuil a fhios Agat ... níos mó ná tuarascáil aonair ag trácht air.. go n-itheann an Dali Lama feoil! Cad é Do bharúil faoi nó an bhfuil leithscéal aige?

M. Cad chuige duit é sin a rá Liomsa, agus gan an ceist a chur air?

C. Cheapas gur eol Duit é.

M. Níl fonn Orm tagairt ar dhuine áirithe nó pé rud atá curtha 'na leith, agus go mór mór gan é bheith i láthair chun é féin a chosaint! Ceart go leor? Mar sin caithfidh tú Mé a scaoileadh ón gceist, le d'thoil. Is fear geanúil é chomh maith agus is féidir leis. Má tá rud éigin eile, is a ghnó féin é agus eisean a bheas freagrach as.

C. Maith Thú Máistir Ching Hai, ar an fhoighne a theaspáin Tú 's an láchas sna freagraí a thugais.

M. Sin océ.

C. Dúirt Tú go bhfuil leibhéal ann 'na mbíonn fear eolach ar chomachtaí aige a thugadh dó ag an eolas chéanna. Anois, cé

go bhfuil aithne agat ar na chomachtaí seo, níl a fhios agat gur féidir leat do úsáid féin a bhaint asta. Déanann sé buartha dom, conas is féidir teacht ortha nó gan teacht, agus muna mbíonn úsáid agam asta, an amhlaidh go n-éireodh mé mífhoighneach? Is próiseas mall fadálach é, agus ceapann tú go mbeadh réiteach níos fearr 's níos tapúla ó bheith ag guí nó ag déanamh rud éigin eile.

M. Sea, tuigim.

C. Cad is brí leis, agus an bhfuil seans teacht ar an gcomhacht seo? An dtuigeann Tú mo cheist?

M. Tuigim, tuigim. Cé atá le rá agat ná, nuair atá an cumas agat agus fonn ort biseach a chur ar rudaí, ní fhéadfá toisg cúrsaí ag dul go mall réidh leis an maorlathais, agus an mbeadh foighne agat chur suas leis? Ceart? Nó an bhféadfá paidir a rá, draíocht a imirt, nó brú síos ar aoinne? Ceart arís? Tá foighne Agamsa agus Mé ag obair ar chothromchéim le Mo chomharsain, agus muna raibh bheadh an domhain 'na cíor thuathaill. Tóg páiste óg ag cleachtadh siúil, agus tusa faoi deifir; tig leatsa rith ach níl an cumas ag an bpáiste, agus má dhéanann sé iarracht is dócha go mbainfidh tuisle as agus go dtuitfidh sé ar an dtalamh. Mar sin ní foláir bheith foighneach ó tá an chomhacht agat ach níl sé ag an bpáiste! Sin é an fáth go mbím bactha 's mífhoighneach ó am go chéile ach caithfear é a sharú. In ainneoin go bhfuil airgead againn le tabhairt amach, béigean Dom dul ag croitheadh láimhe le huachtaráin i ndiaidh uachtaráin agus cúis na ndídeanaithe á phlé Agam. Pé mhéid airgid le roinnt amach, milliún nó billiún $ dollair - caithfidh tú dul tríd an chóras mhaorlathach! Tabhair do Chaesar a chuid féin, an dtuigeann tú? Anois nílim chun Mo mhéir a síneadh i dtreo an U.N., agus sibhse a chur ag rith! Ní

dhéanfadh san. Dá n-úsáidfimís ar domhain an chomhacht fhisiciúil 's draíochtúil atá againn do bheadh gach rud 'na chiréip ceart. Tuigeann tú? Ach is féidir linn tuiscint na ndaoine a ardú le leighis 's gaois spioradálta, agus ansin bionn siad toilteanach comhoibriú leat chun rud a dhéanamh. É seo an tslí is fearr, gan aon draíocht a úsáid. Ní bhíonn baint Agam leis an draíocht ach corr-uair, agus ansin ní bhíonn sé bearthaithe. Ach tarluíonn miorúiltí do chleachtóirí spioradálta, agus cé nach é an aidhm aca is rud nádúrtha é. Tuigeann tú? Ní fhéadfá bru a úsáid mar níl maitheas ann, agus smaoinigh ar an bpáiste gan cumas reatha aige. Ceart go leor, bhfuil tú sásta leis an bhfreagra sin? Muna bhfuil tig Liom tuilleadh mhíniú a thabhairt duit. Níl? Sílim gur daoine cliste sibh, tofa ó gach náisiun ar domhain, agus bíodh sin mar atá nílim ag tabhairt ach mion sonraí daoibh. Ach is féidir libh a thuilleadh a fháil Uaim.

Rud maith é na Náisiúin Aontaithe bheith againn! Sea, tá áthas Orm é a rá. Tá stad curtha le morán coimhlint 's cogaí ar fúd na cruinne, agus is trua nach bhfuil síocháin i bhfeidhm i ngach áit, ó tá gach tír páirteach san eagraíocht. Is mór an taithí Agamsa ar obair na Náisiúin Aontaite agus morán léite freisin. Molaim an dícheall 's an éifeachtacht 'na rinne sibh gialla a tharrtháil agus gan cumas ag aon tír eile é a dhéanamh, ach rinne coimisinéir ón U.N. é! Agus rudaí eile mar faoiseamh ó thubaistí, dídeanaithe agus fadhbanna ag gabháil leo. Deirtear go bhfuil beagnach dáréag milliúin dídeanaithe ann agus oraibhse atá an cúram. Alán obair! Fé mar adúirt Mé, is maith an rud é na Náisiúin Aontaithe a bheith ann.
Ceist eile? An duine taobh thiar ansin.

C. Go raibh maith Agat, Máistir Ching Hai, agus an méid sin eolas tugtha dúinn. Tá baint ag an gceist agam le hardú daonra an domhain, an damáiste timpeallachta a théann leis, agus breis éileamh ar bhia. An bhféadfá focal a rá faoi meadú daonra? Cad mar gheall ar *karma* nó an dtiocfaidh *karma* fé leith as seo sa todhchaí?

M. Ummm, is rud maith é freisin breis daoine a bheith ann. Cad chuige nach ea? An plainéid seo plódaithe, fothromaíl, agus níos mo craic! Ni hea? Ní hé barraíocht daoine an fhadhb ach go bhfuilimíd scaipthe go neamhchothromúil. Tá daoine cruinnithe go tiubh in áiteacha agus gan fonn ortha bogadh go háit éigin eile. Sin an méid, agus talta ollmhóra ann gan úsáid ar bith a bhaint asta. Féach ar na hoileáin, cuid aca an-mhór ar fad gan béic duine ná asail le clos ionta, agus ardchláir nach bhfuil ortha ach féir 's foraoiseacha. Tóg Nua Eabhrach (gáire), an méid atá ann ag lorg an craic! Sea! Is féidir le rialtas, aon rialtas, áiteacha 'na thír féin a fhorbairt, monarchain a thógáil, agus postanna a chur ar fáil dá saoránaigh féin. Bíonn cónaí ar dhaoine in áiteacha toisg go bhfuil siad fostaithe san áit, agus ceapann siad go bhfuil sé slán sábháilte ann. Dá mbeadh deis fostaíochta, tithíochta, agus slánú ar fáil in áit eile racadh na daoine ann. Racadh siad dá gceapfadh siad go mbeadh saol slán sábháilte aca ann le post agus teach freisin. Sea, is nádúrtha an rud é. Ní gá bheith imníoch faoi bharraíocht daoine ó tá an freagra ag gach uile tir fé mar adúirt Mé, breis postanna, tithíochta srl. a sholáthar, agus iad féin a eagrú chun an fhorbairt riachtanach dó a chur i gcrích. Má déantar é sin, ní hamháin gurab é an réiteach is cóir ar an bhfadhb ach ní tharlódh sé arís. Agus an ceist agat

ar bia - nárbh eol duit an freagra? I Mericeá tá iomdha eolais ar caomhnú socmhainní an domhain, agus 's an réim bia fheoilséantach an rud is fearr chun é sin a dhéanamh, agus bia a sholáthar don chine daonna. Ach tá alán rudaí gan soláthar ná úsáid ceart á bhaint againn asta mar fuinneamh, leictreachas, cúrsaí shláinte 's leighis srl., an méid bia caithe amach againn, agus an t-am ag tógáil beithígh agus iad a mharú ar ball. Tuigeann tú? Bia caithe amach agus morán gan bhia sa domhain! Tá tíortha sa triú domhain agus bia fheoilséantach, saibhir le próitéin á dhíol ar phraghas ísil aca, agus ní haon cabhair é sin dóibh féin ná d'aoinne eile. Is éasca a rá, dá mbeadh dáileachán bia go cothromúil ar fúd an domhain agus a gcuid féin ag daoine 's ainmhithe, déanfadh feoilséantóiri bóthar réidh dó. Tá alt taighde léite Agam in ... irisí agus dúirt ... Ó! lua Mé air an t-am dheireannach a bhíos anseo, níl sé dearmadta! Níl! 'Sé dúirt sé ná: dá mba feoilséantóir gach aoinne, ní bheadh ocras ar dhuine ar bith as san amach! Mar sin caithfimíd eagrú. Sea, sinn féin a eagrú! Tá fear ar eolas Agam, agus is féidir leis rís bhrain a athrú go bia bheathúil agus go bainne fiú amháin. D'innis Mé an scéal cheana; dúirt sé, le trí chéad míle $ dollair gur féidir leis sé chéad míle daoine a chothú i Siolóin - na boicht, na gannchothaithe, na máthracha srl. Nach rud iontach é! Sa chaoi 'na déantar é in alán tíortha, bíonn laghdú shocmhainní nádúrtha mar toradh air cé go bhfuil dóthain ann. Níor órdaigh Dia béal gan bhia, ach is féidir linn an t-ocras a thógaint orainn féin! Chaitfimíd athsmaoineamh 's atheagrú a dhéanamh, agus cead 's a bheannacht féin a fháil ó rialtais na dtíortha éagsúla. Ní foláir do cheannairí rialtais i ngach tír cuir 'na luí orainn a lán ionrachas, a nglaineacht, a ndínit, agus an

aidhm ach freastail ar a muintir féin amháin. Leis an mbeannacht sin, tig linn obair gan fhadhb ar bith sa tír chéanna. Cad a theastaíonn uainn ná - ceannasaíocht láidir, geilleagar cuíosach eagraithe chomh maith le tallanna 's macántacht rialtais. Agus tá seans go dtiocfaidh sin go tapaidh le haistriú mheoin ag daoine, cuid aca ar aon nós, i dtreo an saol spioradálta. Is ansin a bheidh siad eolach ar an disciplín, na heascairí, agus conas a bheith glan 's macánta. Leis an gaois atá tugtha dóibh is féidir leo a mbeatha féin a atheagrú. Tuigeann tú? Muna dhéanann siad é beidh siad mar an polaiteoir ag seasamh sa toghcháin leis an gcuid is mó dá airgid curtha suas ag a tacóirí, agus in oifigh dó níl tada déanta aige dóibh; ansin tagann toghcháin eile agus mo dhuine ag lorg airgid ó na foinsí chéanna! An amhlaidh go bhfaighfidh sé morán? Ní haon cabhair é don fhear bhocht! Níl puinn difríocht ann agus tú id shuí ar mhianaigh óir, gheobhaidh tú bás ón mbochtaineacht cosúil le cách. Níor mhiste do cheannairí na tíortha san smaoineamh ar an gcomhacht agus an fhreagracht atá aca. Caithfidh siad smaoineamh ar a muintir féin, agus an córas a atheagrú. Sea.

C. Is deachar é, ós rud é go bhfeicim morán ... mar a thuigim é, tá baint ag loit timpeallachta le barraíocht daoine agus an éileamh ar spás maireachtála, tithe srl., agus an caighdeán maireachtála ag an bpobail agus gan fonn ortha é a athrú in aon slí. Féach ar an mBrasil, an léirscrios ar siúl ann le leagadh na bhforaoiseacha, agus 'na dhiaidh san tagann na tuilte agus breis damáiste a bheireann siad. Ní fhéadfá a rá nach bhfuil ceangal eatortha agus an meadú daonra.

M. Sea, tá ceangal eatortha! Chun é a réiteach caithfidh tú tosnú leis an bhfréamh, agus bun seasmacht spioradálta na fréimhe céanna. Tuigeann tú? (buaileadh bos on gcruinniú). Ní foláir dúinn an teachtaireacht spioradálta a scaipeadh, agus an disciplín spioradálta a choimeád. Sin atá in easnamh ar daoine. Tá na soilse 's an bualadh cheoil a gheibheann tú ó *samadhi* maith go leor, b'fhéidir, ach gan smacht mhorálta agat is éasca uaireanta drochúsáid a bhaint as an gcomhacht atá agat. Ní féidir leat é a choimeád faoi smacht. An bhfuil a fhios agat? Sin é an fáth go bhfuil béim chomh mór san curtha ar na heascairí againne sa ghrúpa, agus is iad an chéad rud a fhoghlamódh tú. Tá sé riachtanach bheith eolach ar an gcomhacht atá agat, agus conas é a úsáid i gceart. Mar chomhacht nach bhfuil grá inti, gan taise, gan tuiscint, ní fiú é ó thaobh mhorálta dhe, agus drochúsáid air amhail mar an dubh-draíocht. Is ó drochúsáid na comhachta a thagann an dubh-draíocht. Tuigeann tú? Is éasca teacht ar an léargas ach is deachar é a choimeád. Linn féin, nuair nach mbíonn smacht 's seasmhacht mhorálta ba chóir ag duine, bhainfeadh an máistir cuid dá chomhacht uaidh, agus ansin ní bhead mo dhuine ábalta mí-úsáid a bhaint as. B'shin an difríocht, smacht bhunaidh ag an máistir! Comhacht an mháistir, comhacht mháistir! Océ! 'Sé deireadh an scéil ná, na daoine a dhéanann droch rudaí mar dochar don timpeallacht, níl ciall ná tuiscint aca. Agus réitheach an faidhb ag an gaois, agus an cleachtas spioradálta. Faigh an léargas!

Táim sásta leis na ceisteanna uaibh, iad éirimiúil, 's ciallmhar! Sea, a bhean uasal?

C. Tá Do leabhair léite agam, agus d'éist mé Leat ar alán téipeanna.
M. Nach iontach é! Mar sin tá aithne againn ar a chéile.
C. Musclaionn an speis ionam ag coinceap mar *asuras*.
M. Sea, *A..S..U..R..A..S...* Cad é sin? *Asura! Asura!* Ó! Réaltach! Ó *asuras!* Sea,sea, sea. Seo é an focal sanscrait ar eiseadh réaltach. Eiseadh réaltach! Táim océ anois. An féidir leat Sanscrait a labhairt? Tá go maith!
C. Caithfidh mé troid chun an saol spioradálta agus an cleachtadh a choimeád suas, agus sílim go minic go bhfuil fórsaí im choinnibh ag iarraidh mé a threascairt. Conas is féidir na fórsaí a shárú agus buachaint ortha?
M. Is crua é! Más éasca rud, agus níl dúshlán ann, is beag meas a bheadh agat air. Istigh ionat, i ngach uile duine an bhfuil a fhios agat, tá dhá chomhacht fé leith. Sa Sínis glaotar "yin agus yang" ortha. I dtéarmaí an iarthair, is an diúltach agus an dearfach iad. Cuireann an diúltach brú ar dhuine rud a dhéanamh in éadan a thola, agus 'sé an chomhacht dearfach a chabhraíonn leis an claonadh sin a chloí. Uaireanta cailleann tú, agus uaireanta eile bíonn an bua agat, agus é ag brat ar an gcomhacht 's an disciplín spioradálta atá agat ag an am. Mar sin coimeád an troid ar siúl amhail mar na Náisiúin Aontaithe de shíor ag iarraidh stad a chur le cogaí, agus réiteach ar fhadhbanna mar dídeanaithe. Uaireanta, fé mar adúirt Mé, bíonn an bua agat ag an deireadh ach is mór an comhrac é. Go raibh maith agaibh as ucht an aire a thug sibh. Slán go fóill.